Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2009–2010

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte
## Modúl 2

## Ardsraith

**[GSC22]**

GSC22

**DÉARDAOIN 25 FEABHRA 2010, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

LEATHANACH BÁN

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Is féidir saileach a fhás mar bhithbhreosla. Fásann sé go hiontach gasta agus is féidir é a bhaint gach 3 bliana. Agus saileach ag fás, baineann sé dé-ocsaíd charbóin amach as an aer ach scaoileann sé isteach san aer arís í nuair a dhóitear é, agus cuirtear síos air mar neodrach ó thaobh carbóin de.

Úsáid an fhaisnéis seo agus do chuid eolais féin leis na ceisteanna thíos a fhreagairt.

**(a)** Is sampla d'fhorbairt inbhuanaithe é an dóigh a n-úsáidtear saileach mar bhithbhreosla. Déan cur síos agus tabhair míniú ar cad chuige.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(b)** Luaigh cad é a chiallaíonn an téarma **neodrach ó thaobh carbóin de**.


______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(c)** Luaigh buntáiste **amháin** as foinsí breosla atá neodrach ó thaobh carbóin de a úsáid.

______________________________________________________________ [1]

**2** **(a)** Taispeánann an léaráid thíos fagaicít atá díreach ar tí cnap baictéar a shlogadh (a scriosadh).




**(i)** Ainmnigh an próiseas a gcuirtear síos air thuas.

_______________________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh na struchtúir atá lipéadaithe A ar an léaráid.

_______________________________________________________ [1]

**(iii)** Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin le cur síos ar an dóigh ar thug cosaintí an choirp ar na baictéir teacht le chéile ina gcnap.

_______________________________________________________


_______________________________________________________

_______________________________________________________

_______________________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Taispeánann an graf thíos an dóigh ar tháinig athrú ar chéatadán na bpáistí a bhí á vacsaíniú in éadan MMR le 15 bliana anuas.




**(i)** Cuir síos ar an dóigh ar tháinig athrú ar chéatadán na bpáistí a bhí á vacsaíniú in éadan MMR le 15 bliana anuas. Mínigh an fáth ar tharla na hathruithe seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(ii)** Ní dócha go mbeidh toradh 100% ar chlár vacsaínithe ar bith choíche. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

3 **(a)** Tá ceithre chineál d'fhuilghrúpaí daonna. Rinneadh suirbhé ar 200 duine i mBéal Feirste agus fuarthas na torthaí seo a leanas.

| **Fuilghrúpa** | **Líon na ndaoine** |
| --- | --- |
| A | 40 |
| B | 54 |
| AB | 66 |
| O | |


**(i)** Comhlánaigh an tábla le líon na ndaoine a bhfuil fuilghrúpa O acu a thaispeáint. [1]

**(ii)** Ainmnigh an cineál d'éagsúlacht a thaispeánann fuilghrúpaí daonna.

____________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Is féidir le sócháin dochar a dhéanamh do chealla an choirp.
Taispeánann an léaráid seo thíos na crómasóim i gcealla choirp Sheáin.




**(i)** Ainmnigh an riocht sláinte atá ar Sheán.

______________________________________________________ [1]

**(ii)** Sócháin i gcealla craicinn is cúis le hailse an chraicinn.
Mínigh cad é is ailse ann.


______________________________________________________

______________________________________________________ [2]

**(iii)** Ainmnigh an toisc thimpeallachta atá ina cúis le hailse an chraicinn.

______________________________________________________ [1]

**4** Taispeánann an léaráid thíos cad é a bhreathnaigh Alexander Fleming nuair a d'éilligh fungas pláta agair a raibh baictéir ann.





**(a)** Cuir síos ina iomláine ar an tátal a bhain Fleming as an bhreathnú seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(b)** Le linn turgnaimh sa tsaotharlann, d'aistrigh Caitlín baictéir ó fheadán A go dtí mias Petri. Thriail sí teicníochtaí aiseipteacha ach ní raibh an modh oibre ceart aici agus bhí a cuid torthaí éillithe. Anseo thíos tá cur síos ar a modh oibre.




Bhain Caitlín an clár den mhias Petri agus chuir sí ar leataobh é. Ansin choinnigh sí an lúb miotail sa lasair Bunsen ar feadh 30 soicind. Agus é te go fóill, thum sí isteach i bhfeadán A é agus d'aistrigh sí na baictéir, agus leath sí iad thar an agar sa mhias Petri. Chuir sí an clár ar ais ar an mhias Petri agus shéalaigh sí é agus ghor sí é ar 20 °C ar feadh dhá sheachtain. Nuair a d'oscail Caitlín an mhias Petri thug sí faoi deara nár fhás baictéir ar bith ó fheadán A, ach go raibh cineálacha eile de mhiocróib ag fás ar an agar.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Tá sé tábhachtach go steirileofaí an mhias Petri sula dtosaítear ar an turgnamh. Mínigh cad chuige.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh fáth **amháin** nár fhás na baictéir ó fheadán A.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh fáth **amháin** ar éillíodh an mhias Petri.

_______________________________________________ [1]

**(c)** Tástáiltear drugaí míochaine i saotharlann ar dtús.

**(i)** Cén t-ainm a thugtar ar dhrugaí a thástáil i saotharlann?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an chéim a thagann i ndiaidh tástáil saotharlainne de ghnáth.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Nuair a éiríonn le tástáil chliniciúil leigheasanna, ainmnigh an próiseas a chaithfear a dhéanamh ansin sular féidir iad a dhíol leis an phobal.

_______________________________________________ [1]

**(d)** In amanna tugtar antaibheathaigh d'ainmhithe dianfheirmeoireachta cé nach bhfuil siad tinn.

Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** as antaibheathaigh a thabhairt d'ainmhithe a ndéantar an cineál seo feirmeoireachta orthu.

Buntáiste _______________________________________________

Míbhuntáiste _______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Taispeánann an tsreabhchairt thíos an dóigh a mbíonn baictéir atá frithsheasmhach in éadan antaibheathach ag forbairt.

Níl an chuid is mó de bhaictéir frithsheasmhach in éadan antaibheathach. In a lán pobail bhaictéar, áfach, is féidir go mbeidh sócháin ag líon beag acu (m.sh. 1%) a fhágann go bhfuil siad imdhíonach ar antaibheathaigh.

→ Úsáideadh antaibheathach

→ Tá na baictéir uile a tháinig slán frithsheasmhach in éadan antaibheathach

**(i)** Léiríonn frithsheasmhacht antaibheathach i mbaictéir an próiseas de roghnú nádúrtha agus próiseas na héabhlóide. Úsáid an fhaisnéis thuas agus do chuid eolais féin lena mhíniú cen dóigh.

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [3]

**(ii)** Ainmnigh an t-eolaí a chuir teoiric na héabhlóide chun tosaigh.

______________________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh fáth **amháin** a bhfuil teoiric na héabhlóide chomh conspóideach sin.

______________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Taispeánann an tsreabhchairt seo a leanas an dóigh ar táirgeadh plandaí cruithneachta nua-aimseartha ó na cineálacha ársa trí chrosphórú.

Plandaí cruithneachta a bhfuil gas gearr orthu

Plandaí cruithneachta a bhfuil cinn mhóra ghráinní orthu

Caitheadh ar leataobh aon sliocht nach raibh gas gearr agus cinn mhóra ghráinní **araon** air.

Rinneadh an próiseas seo arís agus arís eile go dtí go raibh gas gearr agus cinn mhóra ghráinní ar na plandaí **uile**

**(i)** Ainmnigh an cineál de roghnú a tharla sa chruithneacht.

________________________________________ [1]

**(ii)** Déan cur síos agus tabhair míniú ar bhuntáiste **amháin** don fheirmeoir a úsáideann cruithneacht nua-aimseartha seachas na cineálacha ársa.

________________________________________

________________________________________ [2]

6 **(a)** Is iad is Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCSanna) na limistéir sin a d'ainmnigh tíortha Eorpacha a bheith tábhachtach ar bhonn idirnáisiúnta maidir le speiceas amháin éin nó níos mó a chaomhnú.

Tá aillte Reachlainn agus an timpeallacht mhuirí máguaird ar cheann de na LCSanna i dTuaisceart Éireann. Is speiceas amháin é an seabhac gorm a bhfuil an LCS seo ag iarraidh a chaomhnú. Neadaíonn na seabhaic ghorma ar na haillte farraige agus bíonn siad á gcothú féin ar lachain agus éin eile.



*© Mike Langman (rspb-images.com)*

**(i)** Luaigh fáth **amháin** ar roghnaíodh an seabhac gorm mar speiceas atá le caomhnú ag LCS Reachlainn.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Tá an cladach carraigeach agus an fharraige timpeall na n-aillte á gcosaint chomh maith. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Neadaíonn a lán speicis éan ar aillte Reachlainn. Luaigh buntáiste **amháin** as neadú ar aillte.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Is beart eile é an Treoir Eorpach faoi Níotráití a ceapadh leis an timpeallacht a chosaint. Déan cur síos agus tabhair míniú ar an dóigh a gcuideodh sé le bithéagsúlacht a chaomhnú in aibhneacha agus i lochanna.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amhháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.